

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/2133 ÓN gCOMHAIRLE
an 17 Nollaig 2020**

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm a bhaineann le Poblacht Dhaonlathach an Chongó ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 18 Iúil 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.
- (2) An 2 Samhain 2020, nuashonraigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an fhaisnéis a bhaineann le duine amháin atá faoi réir bearta sriantacha.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear, leis seo, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
S. SCHULZE

⁽¹⁾ IO L 193, 23.7.2005, lch 1.

IARSCRÍBHINN

I gCuid (a) (Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 2a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 7:

“7. Thomas LUBANGA

Áit bhreithe: Ituri, Democratic Republic of the Congo.

Náisiúntacht: Democratic Republic of the Congo.

Seoladh: Democratic Republic of the Congo.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 1 Samhain 2005.

Faisnéis eile: Gabhadh é in Kinshasa i mí an Mhárta 2005 mar gheall ar rannpháirtíocht UPC/L i sárúithe ar chearta an duine. Aistríodh chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta é an 17 Márta 2006. Ciontairte ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta i mí an Mhárta 2012 agus gearradh téarma príosúnachta 14 bliana air. An 1 Nollaig 2014, sheas na breithiúna achomhairc ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta le ciontú agus pianbhreith Lubanga. Aistríodh chuig saoráid phríosúin i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó é an 19 Nollaig 2015 chun an phianbhreith phríosúnachta a gearradh air a chur isteach. Scaoileadh saor é an 15 Márta 2020 tar éis dó a phianbhreith ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a chur isteach. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOLComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: <https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals>

Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Bhí Thomas Lubanga mar Uachtarán ar UPC/L, ceann de ghrúpaí agus mílístí armtha dá dtagraítear i mír 20 de Rún 1493 (2003), a bhí páirteach i ngáinneáil ar airm, de shárú ar an trádbhac arm. De réir Oifig Ionadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, bhí sé freagrach as leanaí a earcú agus a úsáid in Ituri ó 2002 go dtí 2003. Gabhadh in Kinshasa é i mí an Mhárta 2005 mar gheall ar rannpháirtíocht UPC/L i sárúithe ar chearta an duine agus d'aistrigh údaráis Phoblacht Dhaonlathach an Chongó chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta é an 17 Márta 2006. Chiontaigh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta é i mí an Mhárta 2012 agus gearradh téarma príosúnachta 14 bliana air. An 1 Nollaig 2014, sheas na breithiúna leis an gciontú agus leis an bpianbhreith. Aistríodh chuig saoráid phríosúin i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó é an 19 Nollaig 2015 chun an phianbhreith phríosúnachta a gearradh air a chur isteach.”
